# Rialacháin Nua um Fheighlíocht Leanaí arna Moladh - Achoimre Soléite

## Réamhrá

**Cé dóibh na rialacháin seo?**

Beidh feidhm ag na rialacháin seo ar fheighlithe leanaí. Is éard is feighlí leanaí ann ná duine a íoctar le haire a thabhairt do leanaí de chuid daoine eile. Leis an méid sin, ní áirítear daoine nach dtugann aire ach do leanaí a ngaolta. Bíonn feighlithe leanaí ag obair ina dteach féin agus bíonn siad ag obair ina n-aonar.

**Cén fáth an bhfuil na rialacháin seo á dtabhairt isteach ag an Rialtas?**

Tá sé mar ghealltanas i bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí 2021 – 2028 go ndéanfar rialú ar fheighlithe leanaí. Tá sé mar chuid de straitéis an Rialtais le haghaidh leanaí óga, *Na Chéad 5*, chomh maith.

**Cén fáth an bhfuil gá le rialacháin?**

Tá rialacháin go maith le haghaidh leanaí, teaghlaigh agus feighlithe leanaí. Tá rialacháin mar aitheantas oifigiúil ón Stát agus léirítear leo go bhfuil meas ar fheighlithe leanaí mar chuid d'fhoghlaim agus cúram na luath-óige in Éirinn. Leis na rialacháin tabharfar isteach rialacha sábháilteachta leanaí amhail grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Ceadófar faoi na rialacháin go gcláróidh feighlithe leanaí a seirbhís le Tusla – faoi láthair, tá an dlí ina chosc ionas nach féidir leis an gcuid is mó d'fheighlithe leanaí clárú . Trína bheith cláraithe, beidh feighlithe leanaí in ann rochtain ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, lena ndéantar táillí ar fhoghlaim agus chúram na luath-óige a fhóirdheonú, a thabhairt do na teaghlaigh a bhaineann úsáid as a seirbhísí. D'fhéadfadh sé go gcabhróidh sé seo le feighlithe leanaí chun teaghlaigh a aimsiú lena seirbhísí a úsáid.

**Cad atá sna rialacháin atá molta?**

Tá na rialacháin eagraithe i míreanna éagsúla agus gach ceann acu bainteach le gné éagsúil de sheirbhís feighlíochta leanaí. Tá achoimre déanta ar gach mír agus ar gach rialachán thíos. Tá an achoimre seo bunaithe ar an leagan reatha de na rialacháin. D'fhéadfadh sé go n-athrófaí na rialacháin tar éis na comhairliúcháin pobail, go háirithe na rialacháin a áirítear sa suirbhé ar líne, atá ar fáil anseo.

**Aighneacht a dhéanamh**

Más maith leat do thuairimí a chur in iúl i ndáil leis na rialacháin seo, is féidir leat suirbhé ar líne a líonadh isteach *anseo* nó is féidir leat freastal ar ghrúpa fócais comhairliúcháin i do cheantar nó ar líne. Is féidir sonraí de chruinnithe atá beartaithe a aimsiú *anseo*.

**Ceisteanna**

Má ritheann ceist ar bith leat maidir leis na rialacháin seo téigh i dteagmháil le do thoil le: qualitydevelopment@equality.gov.ie

**Rialacháin um Fheighlíocht Leanaí arna Moladh**

**Mír I**
**Réamhráiteach agus Ginearálta**
Sa mhír seo, leagtar amach cén uair a thiocfaidh na Rialacháin i bhfeidhm. Déantar sainmhíniú ar na téarmaí go léir a úsáidtear sa cháipéis Rialacháin agus nasctar na sainmhínithe sin le haon reachtaíocht eile lena mbaineann.
Chomh maith leis sin leagtar amach an méid a bheidh le híoc ag feighlí leanaí in aghaidh na bliana chun fanacht ar an gclár agus an dáta deiridh le haghaidh íocaíochtaí.

**Mír II**
**Clárú agus Rialú**
Sa mhír seo leagtar amach na cáipéisí a bhfuil gá leo ionas go bhféadfaidh an feighlí leanaí clárú le Tusla. Maidir le riachtanais áirithe, tá níos mó sonraí ag gabháil leo i gcuid eile de na rialacháin. Níl an fhaisnéis chéanna curtha isteach faoi dhó againn.

**Rialachán 5**
**Seirbhís feighlíochta leanaí a chlárú**
- Beidh ar fheighlithe leanaí iarratas a dhéanamh ar chlárú trí mhí sula dtosaíonn a gclárú.
- Beidh ar fheighlithe leanaí foirm chláraithe a líonadh le sonraí a seirbhíse.
- Beidh ar fheighlithe leanaí cur isteach ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána dóibh féin, do dhuine ar bith thar 16 bliana d'aois a bhfuil cónaí orthu sa teach agus dá nduine cumhdach éigeandála (féach Mir IV).
- Más rud é go bhfuil breis is 6 mhí as a chéile i dtír eile caite ag duine a bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ag teastáil uathu, beidh seiceáil póilíní ar son an duine sin ón tír ina raibh cónaí orthu ag teastáil chomh maith.
- Beidh dhá theistiméireacht ag teastáil ó fheighlithe leanaí, a d'fhéadfadh a bheith ó thuismitheoirí de leanaí a úsáideann an tseirbhís, nó ó thuismitheoirí de leanaí a bhíodh ag freastal ar an tseirbhís.
- Beidh cruthúnas ar chumhdach don tseirbhís ag teastáil ó fheighlithe leanaí.
- Déanfaidh Tusla faisnéis an fheighlí leanaí a mheas agus cinnfidh sé an féidir leis an duine a bheith ina fheighlí cláraithe.

**Rialachán 6**
**Clár**
- Ar chlár Tusla, liostófar ainm agus seoladh sheirbhís an fheighlí leanaí, chomh maith le líon agus aois na leanaí ar féidir leo aire a thabhairt dóibh, agus beidh sé curtha ar fáil don phobal.

**Rialachán 7**
**Teastas Cláraithe**
- Tabharfaidh Tusla Teastas dá gClárú don fheighlí leanaí agus ní mór dóibh é a choinneáil ar chúiseanna cigireachta.

**Rialachán 8**
**Iarratas le téarmaí cláraithe a athrú**
- Caithfidh feighlí leanaí fógra 60 lá a thabhairt do Tusla i leith athruithe ar bith ar mhaith leo iad a dhéanamh ar shonraí ar an gclár nó maidir leis an duine cumhdach éigeandála. (féach Rialachán 15)
- Ní féidir le feighlí leanaí na hathruithe sin a dhéanamh sula gceadaíonn Tusla dó/di.

- Má éiríonn feighlí leanaí as a bheith mar fheighlí leanaí, ní mór dóibh é sin a chur in iúl do Tusla tráth nach déanaí ná 28 lá ina dhiaidh sin.

**Mír III**
**An Feighlí Leanaí**
**Rialachán 9**
**Oiliúint**

- Ní mór d'fheighlithe leanaí cúrsa réamhchláraithe a dhéanamh, teastas sa gharchabhair a bheith acu agus an clár ríomh-Oiliúna Tús Áite do Leanaí a chríochnú sula gcláraíonn siad le Tusla.
- Tar éis dóibh clárú, beidh ar fheighlí leanaí gearrchlár Forbairt Cáilíochta a dhéanamh chun fanacht ar an gclár.

**Rialachán 10**
**Duine Oiriúnach**

- Beidh ar fheighlithe leanaí cáipéis a shíniú lena ndearbhú go bhfuil siad in ann seirbhís feighlíochta leanaí a chur ar fáil.
- Déanfaidh Tusla an fhaisnéis seo a mheas chomh maith le faisnéis eile amhail grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun a chinntiú gur cheart go gceadófaí don duine atá ag déanamh iarratais a bheith mar fheighlí leanaí.

**Mír IV**
**An tSeirbhís Feighlíochta Leanaí**
**Rialachán 11**
**Sláinte, sábháilteacht, leas agus Forbairt an linbh**

- Ní mór d'fheighlithe leanaí a chinntiú go dtugann siad aire do shláinte, sábháilteacht, leas agus forbairt na leanaí atá ag freastal ar a seirbhís.
- Tá aire a thabhairt do foghlaim, forbairt agus sláinte na leanaí curtha san áireamh
- Ní mór d'fheighlithe leanaí cloí lena lámhleabhar

**Rialachán 12**
**Líon uasta leanaí**

- Ní féidir le feighlithe leanaí aire a thabhairt do bhreis is seisear leanbh ag aon uair amháin. Leis seo, áirítear a leanaí féin go dtí go mbeidh siad críochnaithe ar an mbunscoil.
- As na seisear leanbh sin, ní féidir go mbeadh ach beirt faoi 2 bhliain d'aois, seachas i gcás ilbhreithe.
- Féadfaidh Tusla measúnú a dhéanamh ar an spás atá ar fáil i dteach an fheighlí leanaí, an spás atá ar fáil lasmuigh agus ar aois na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís agus líon uasta níos lú a chur i bhfeidhm do na leanaí ar féidir aire a thabhairt dóibh ag aon uair amháin.

**Rialachán 13**
**An suíomh baile**

- Ba cheart go mbeadh baile feighlí leanaí slán sábháilte agus compordach do leanaí agus is cuí go mbeadh go leor spás agus áiseanna don méid leanaí atá i láthair.
- Ní mór go mbeidh bréagáin oiriúnacha agus treallamh súgartha agus forbartha eile curtha ar fáil i gcomhair na leanaí
- Ní mór go mbeidh na leanaí in ann a bheith ag súgradh lasmuigh gach lá, is cuma más i ngairdín nó i bpáirc nó i spás súgartha sábháilte atá siad.

- Maidir le leanbh a bhfuil codladh ag teastáil uaidh/uaithi i rith an lae, ní mór go mbeidh áit shábháilte agus oiriúnach aige/aici chun codlata.
- Ní mór go mbeidh bosca garchabhrach ag an bhfeighlí leanaí a bhfuil stoc iomlán ann.

**Rialachán 14**
**Maoirseacht**

- Is é an feighlí an t-aon duine atá freagrach as na leanaí atá faoi chúram aige nó aici an t-am ar fad
- Ní mór go ndéanfaidh an feighlí leanaí maoirseacht ar na leanaí
- Ní féidir leanaí a fhágáil ina n-aonar le cuairteoir ar an teach

**Rialachán 15**
**Cumhdach Éigeandála**

- Má tharlaíonn éigeandáil don fheighlí leanaí agus más gá dóibh imeacht ón teach gan na leanaí, mar shampla má thagann tinneas orthu nó más gá do leanbh dul chuig an ospidéal, ní mór go mbeadh duine éigin atá ar aithne an fheighlí leanaí agus atá ina gcónaí in aice láimhe ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar na leanaí.
- Ní mór grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith déanta ar an duine/ar na daoine cumhdach éigeandála

**Rialachán 16**
**Lámhleabhar na seirbhíse feighlíochta leanaí**

- Ní mór don fheighlí leanaí a mbeartais agus nósanna imeachta chomh maith lena dtaifid agus a gcáipéisí eile a bheith i lámhleabhar acu ar féidir é a roinnt le tuismitheoirí eile agus le Tusla.
- Ní mór na polasaithe agus eolais seo a leanas a bheith sa lámhleabhar:
  - I. Sábháilteacht leanaí: ráiteas sábháilteachta leanaí; leigheas a thabhairt; cead chun leanaí a bhailiú; codladh sábháilte; sonraí na leanaí (m.sh. eolas leighis) agus maoirseacht.
  - II. Sláinte agus sábháilteacht, lena n-áirítear: measúnú riosca (turais san áireamh); sábháilteacht dóiteáin; timpistí agus teagmhais; rialú ionfhabhtuithe.
  - III. Forbairt leanaí, lena n-áirítear: úsáid a bhaint as an idirlíon; iompraíocht dhearfach a bhainistiú.
  - IV. Sonraí na seirbhíse, lena n-áirítear: uaireanta oscailte agus dúnta; tréimhsí saoire; cén chaoi a ndéantar íocaíochtaí a láimhseáil; gearáin a láimhseáil; cumhdach éigeandála, teastas chlárúcháin agus nasc chuig suíomh na rialachán.
  - V. Peataí, lena n-áirítear: caidreamh a dhéanamh le tuismitheoir; idirghníomhaíochtaí le peataí.
  - VI. Bia agus deoch: lena n-áirítear ailléirgí; roghanna pearsanta; treoirlínte cothaithe.
- Ba cheart don fheighlí leanaí athbhreithniú a dhéanamh ar a lámhleabhar go rialta

**Rialachán 17**
**Bia agus deoch**

- Ní mór d’fheighlí leanaí a chinntiú go bhfuil dea-bhia agus dea-dheoch cothaitheacha ar fáil do na leanaí

**Rialachán 18**
**Árachas**

- Ní mór an t-árachas is cuí don tseirbhís a bheith ag an bhfeighlí leanaí

**Mír V**
**Faisnéis agus taifid**

**Rialachán 19**
**Cuntas ar an leanbh**

- Ní mór cuntas ar gach leanbh a fhreastalaíonn ar a seirbhís a bheith ag gach feighlí leanaí, agus ainm an linbh ann; dáta breithe; an dáta a thosaigh siad ag an tseirbhís; an dáta a d'fhág siad an tseirbhís; ainm agus sonraí teagmhála an duine a ndéanfar teagmháil leo i gcás éigeandála don leanbh; sonraí teagmhála dhochtúir an linbh agus cead ón tuismitheoir/ón gcaomhnóir cóireáil leighis a lorg i gcás éigeandála.
- Ní mór fáil ar chuntas an linbh a bheith ag tuismitheoir an linbh, ag an duine cumhdach éigeandála agus ag cigire de chuid Tusla.
- Beidh ar fheighlithe leanaí cuntais ar an leanbh a choinneáil ar feadh dhá bhliain tar éis dó/di an tseirbhís a fhágáil.

**Rialachán 20**
**Cuntais a bhaineann leis an tseirbhís feighlíochta leanaí**

- Beidh ar fheighlithe leanaí cuntais a choinneáil maidir leis an tseirbhís arna cur ar fáil acu lena n-áireofar: aoiseanna na leanaí ar féidir leo aire a thabhairt dóibh; uaireanta oscailte; táillí; Lámhleabhar; tinreamh leanaí; leigheas ar bith arna thabhairt; tuairisc maidir le timpiste/gortú/heachtra.
- Ní mór go mbeadh na cuntais ar fáil do thuismitheoir linbh nó do chigire Tusla.

**Rialachán 21**
**Eolas do thuismitheoirí**

- Ní mór cóip den lámhleabhar, a d'fhéadfadh a bheith ina chóip leictreonach, a thabhairt do gach tuismitheoir.
- Ba cheart go mbeadh conradh leis an bhfeighlí leanaí ag gach tuismitheoir.

**Cuid VI**
**Fógraí agus Gearáin**

**Rialachán 22**
**Fógraí maidir le heachtraí**

- Ní mór d'fheighlí leanaí scéala a chur chuig Tusla laistigh de thrí lá oibre má tharlaíonn aon cheann de na nithe seo a leanas ina seirbhís:
  - I. Bás linbh, lena n-áirítear má fhaigheann an leanbh bás tar éis dóibh a bheith curtha chuig an ospidéal ón tseirbhís
  - II. Diagnóisiú ar ghalar tógálach ar leanbh, ar fheighlí leanaí nó ar dhuine éigin eile atá ina gcónaí i dteach an fheighlí leanaí
  - III. Rud ar bith is cúis leis an tseirbhís feighlíochta leanaí a bheith dúnta gan choinne
  - IV. Tromghortú do leanbh a fhágann gá le cóir leighis
  - V. Má théann leanbh ar iarraidh ó sheirbhís
  - VI. Má chuirtear i leith an fheighlí leanaí, an duine chumhdaigh éigeandála nó duine atá ina gcónaí i dteach an fheighlí leanaí go ndearna siad dochar do leanbh.

**Rialachán 23**
**Gearáin**

- Ní mór nós imeachta gearán a bheith ag feighlí leanaí, ina leagtar amach:
  - I. Cén chaoi gearán a dhéanamh
  - II. Cad a tharlaíonn i gcás gearáin
  - III. Conas mar a choinneofar an duine a rinne an gearán ar an eolas

- Ní mór taifead a choinneáil maidir le gearán ar bith ina ndéantar cur síos ar cén cineál gearáin atá ann agus conas mar a chuathas i ngleic leis
- Beidh an taifead le feiceáil ag Cigire
- Ba cheart taifid de ghearáin a choinneáil ar feadh dhá bhliain.

**Cuid VII**
**Cigireacht agus Forfheidhmiú**

**Rialachán 24**
**Faisnéis a thabhairt d'Áisíneacht**

- Ní mór d'fheighlithe leanaí an fhaisnéis a bhfuil gá dó/di a thabhairt do Tusla i ndáil leis na rialacháin seo

**Rialachán 25**
**Cigireacht**

- Beidh próiseas cigireachta Tusla oiriúnach do shuíomh baile teaghlaigh
- Tar éis cigireachta, gheobhaidh an feighlí leanaí tuairisc scríofa maidir leis na torthaí
- Tá sé de chumhacht ag Tusla na rialacháin seo a chur i bhfeidhm

**Rialachán 26**
**Forfheidhmiú agus cur chun feidhme**

- Déanann Tusla na rialacháin a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.